

**Lámhleabhar prótacail
le haghaidh íonú de láimh
le húsáid le**

prepIT™•L2P

DNagenotek™

www.dnagenotek.com

Fón: +1.613.723.5757
support@dnagenotek.com
sales@dnagenotek.com

3000 - 500 Palladium Drive
Ottawa, ON, Canada K2V 1C2

*Sárshamplaí
Feidhmíocht chruthaithe*



Clár ábhair

Úsáid/cuspóir atá beartaithe	4
Cobhsaíocht le linn úsáide	4
Gnéithe	4
Ábhair	4
Rabhaidh agus réamhchúraimí	4
Teorainneacha maidir le húsáid táirgí	5
prepIT-L2P a iompar	5
Stóráil prepIT-L2P (Seilfré)	5
Diúscairt	5
Cothabháil/deisiú	5
Achoimre ar shaintréithe feidhmíochta	5
Cur i láthair táirgí	5
Barántaí	6
Réiteach Fadhbanna	6
Prótacal saotharlainne prepIT-L2P chun DNA a íonú de láimh ó:	
500 µL de shampla	7
Sampla iomlán	11
Cainníochtú DNA	18


Tá prótacal prepIT™-L2P ar fáil i dteangacha eile ag www.dnagenotek.com


Tá tacaíocht theicniúil ar fáil Luan go hAoine (9h00 go 17h00 ET):

- Saor in aisce (Meiriceá Thuaidh): 1.866.813.6354, rogha 6
- Gach tír eile: +1.613.723.5757, rogha 6
- Ríomhphost: support@dnagenotek.com

■ DNA Genotek Inc.
3000 - 500 Palladium Drive
Ottawa, ON, Canada K2V 1C2
Ríomhphost: support@dnagenotek.com

Duine Freagrach sa RA: Emergo Consulting (UK) Limited c/o Cr360 - UL International,
Compass House, Vision Park Histon, Cambridge, CB24 9BZ

 Novosanis NV, Bijkhoevelaan 32c,
2110 Wijnegem, Belgium
Ríomhphost: EUAR@novosanis.com

 Arazy Group Swiss GmbH, Bruderholzallee 53, 4059 Basel, Schweiz Ríomhphost:
swiss.ar@arazygroup.com

Urraitheoir san Astráil: Emergo Australia, Level 20, Tower II, Darling Park, 201 Sussex Street,
Sydney, NSW 2000 Australia

Úsáid/cuspóir atá beartaithe

Le haghaidh DNA géanómaíoch a íonú ó threalamh bailithe seile Oragene™ agus ORAcollect™.

Cobhsaíocht le linn úsáide

Tá 30 mí de chobhsaíocht iniúsaíde ag PT-L2P-5 (5 ml) agus ag PT-L2P-45 (45 ml) ag teocht an tseomra.

Gnéithe

- Ceimic optamaithe le haghaidh bailiú uasta DNA ó shamplaí béil a bailíodh le línte táirge Oragene agus ORAcollect.
- Cruthaithe thorthaí comhsheasmhacha a sholáthar le DNA le hard-mhéachan móilíneach.
- Modh ionaithe inscálaithe i gcás samplaí de toirt mhór nó bheag.
- Sreabhadh oibre áisiúil le tacaíocht theicniúil iomlán ó bhailiú go heastóscadh.
- Modh éifeachtach ó thaobh costais de gan gá le mórán trealaimh.

Ábhair

- PT-L2P-5 (5 ml) agus/nó PT-L2P-45 (45 ml)
- prepIT•L2P lámhleabhar táirge

Rabhaidh agus réamhchúraimí

- Úsáid saotharlainne amháin.
- NÁ hionghabh imoibrí leachtach.
- NÁ húsáid má tá damáiste déanta don phacáistíocht nó má tá séala an chlúdaigh tonnadóra/an chaipín tonnadóra briste nó ag sceitheadh.
- NÁ húsáid prepIT•L2P tar éis an dáta “Úsáid roimh” atá léirithe ar bhuidéal an imoibrí.
- Nigh le huisce má thagann imoibrí i dteagmháil leis na súile nó leis an ggraiceann. NÁ hionghabh.
- Tuairiscigh aon teagmhas tromchúiseach do DNA Genotek agus don údarás iniúil i do thír.
- Ceadaigh an Bhileog Sonraí um Shábháilteacht Ábhar (MSDS) maidir le himoibrí neamhúsáidte a dhíúscairt go sábháilte.
- Tá MSDS ar fáil ag www.dnagenotek.com.

Teorainneacha maidir le húsáid táirgí

Úsáid prepIT•L2P mar a ordaitear sa lámhleabhar táirge seo amháin.

prepIT•L2P a iompar

Is féidir prepIT•L2P a iompar ag teocht chomhthimpeallach mar imoibrí saotharlainne. Níl gá le lámhseáil speisialta.

Stóráil prepIT•L2P (Seifré)

Stóráil ag teocht an tseomra. 30 mí is ea seifré PT-L2P-5 (5mL) agus PT-L2P-45 (45 ml) ach an caipín a choinneáil orthu mar is cuí agus iad a stóráil ag teocht an tseomra.

Díúscairt

Faigh réidh leis an bhfearas neamhúsáidte, damáistithe nó atá ag sceitheadh de réir rialacháin áitiúla, stáit agus fheidearálacha. Faigh réidh leis mar dhramhail saotharlainne.

Cothabháil/deisiú

Neamhbhainteach. Is imoibrí é prepIT•L2P — ní gá cothabháil ná deisiú.

Achoimre ar shaintréithe feidhmíochta

Soláthraíonn DNA géanómaíoch ionaithe prepIT•L2P ó threalamh bailithe seile Oragene agus ORAcollect DNA ardcháilíochta i méideanna atá leordhóthanach le húsáid i bhfeidhmeanna iarteachtacha, amhail PCR, micreagar agus seicheamhú den chéad ghlúin eile.

Cur i láthair táirgí

Tá prepIT•L2P ar fáil i dtoirteanna éagsúla, ag brath ar líon na n-ullmhóidí a theastaíonn. Mar shampla:

Tagairt táirge/ Uimhir chatalóige	Toirt ullmhóide shamplach	Líon na n-ullmhóidí
PT-L2P-5	0.5 ml	200
PT-L2P-45	0.5 ml	2,000

Barántaí

Tá téarmaí agus coinníollacha iomlána le haghaidh gach táirge de chuid DNA Genotek le fail ag <http://www.dnagenotek.com/ROW/terms/index.html>.

Reíteach Fadhbanna

Déan teagmháil le tacaíocht theicniúil DNA Genotek ag support@dnagenotek.com nó glaoigh ar +1 (613) 723-5757, rogha 6.

Prótocal saotharlainne prepIT™•L2P chun DNA a íonú de láimh ó 500 µL de shampla

Déanann an prótocal céim ar chéim seo a leanas cur síos ar conas DNA a íonghlánadh ó 500 µL de shlánchuid sampla.

Imoibrithe san áireamh

prepIT•L2P (Uimh. Chat. PT-L2P-5 nó PT-L2P-45)

Trealamh agus imoibrithe

- Micrea-lártheifneoir atá in ann feidhmiú ag 15,000 × g
- Micreafheadán 1.5 ml (e.g., Axygen® Uimh. Chat. MCT-150-C)
- Goradán aeir nó uisce ag 50°C
- Eatánól (95% go 100%) ag teocht an tseomra
- Eatánól (70%) ag teocht an tseomra
- Maolán stórála DNA: TE (10 mM Tris-HCl, EDTA 1 mM, pH 8.0) nó tuaslagán comhchosúil

Nós Imeachta

Céimeanna íonaithe	Nótaí
1. Measc an sampla Oragene/ ORAcollect trína inbhéartú nó trína chroithheadh go bog ar feadh cúpla soicind.	• Déantar é sin chun a chinntiú go ndéantar samplaí slaodacha a mheascadh i gceart.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
2. Gor an sampla ag 50°C i goradán uisce ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad nó i goradán air ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad.	<ul style="list-style-type: none"> Tá an chéim chóireála teasa seo riachtanach chun a chinntiú go scaoiltear an DNA a dhóthain agus go ndíghníomhachtaítear núicléis go buan. Féadfar an chéim goir seo a dhéanamh tráth ar bith tar éis an sampla a bhailiú agus roimh ionú. Ní mór an sampla iomlán a ghoradh sa bhunfheadán bailithe sula ndéantar é a roinnt ina shlánchodanna chun aonchineálacht an tsampla a chinntiú. Féadfar an sampla a ghoradh ag 50°C thar oíche má tá sin níos áisiúla. Teastaíonn níos mó ama i ngoradán air toisc go mbiann cothromú teochta níos moille ná mar a bhíonn i ngoradán uisce. <p>Nóta: Féadfaidh gur fearr goradán air a úsáid ó tharla gur féidir le feadáin Oragene/ORACollect bheith ar snámh sa dabhach uisce. Más gá dabhach uisce a úsáid, cinntigh go bhfanann an chuid den fheadán ina bhfuil an sampla tumtha san uisce.</p>
3. Aistrigh 500 µL den sampla measctha go feadán micrea-lártheifneora 1.5 ml.	<ul style="list-style-type: none"> Is féidir an chuid eile den sampla a stóráil ag teocht an tseomra (15°C go 25°C) nó é a reo. Más mian, féadfar an sampla a stóráil roeite san fheadán Oragene/ORACollect ag -20°C nó féadfar an sampla a aistriú chuig críofail le haghaidh stóráil fhadtéarmach ag -80°C.
4. Cuir 20 µL (1/25 toirt) de prepIT-L2P leis an bhfeadán micrea-lártheifneora agus measc sa mheascathóir cuilithe ar feadh cúpla soicind.	<ul style="list-style-type: none"> Éireoidh an sampla moirtiúil de réir mar a dhéantar eisiontais agus coscairí a dheascadh.
5. Gor ar oighear ar feadh 10 nóiméad.	<ul style="list-style-type: none"> Is féidir goradh ag teocht an tseomra a dhéanamh ina ionad sin ach is lú an éifeacht, de bhagán, ó thaobh eisiontais a bhaint.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
6. Cuir sa lártheifneoir ag teocht an tseomra ar feadh 5 nóiméad ag 15,000 × g.	<ul style="list-style-type: none"> D'fhéadfadh tréimhse lártheifneoirithe níos faide (suas le 15 nóiméad) a bheith tairbheach chun moirtiúlacht (ard A₃₂₀) an tuaslagáin DNA deiridh a laghdú.
7. Aistrigh an forleacht glan le bior pipéid isteach i bhfeadán úr micrea-lártheifneora. Faigh réidh leis an millín eisiontais.	<ul style="list-style-type: none"> Tá eisiontais moirtiúla sa mhillín. Má chorráitear de thaisme é, ba cheart an feadán a lártheifneoiriú arís.
8. Cuir 600 µL d'eatánól, 95% go 100%, ag teocht an tseomra leis. Measc go réidh trí inbhéartú 10 n-uaire.	<ul style="list-style-type: none"> Le linn é a mheascadh le heatánól, deascfar an DNA. Féadfaidh sé seo a bheith le feiceáil mar théachtán de shnáithíní DNA nó mar dheascán mín, ag brath ar an méid DNA atá sa sampla. Fiú mura bhfeictear aon téachtán, baileofar DNA ach na chéad céimeanna eile a leanúint go cúramach.
9. Lig don sampla seasamh ag teocht an tseomra ar feadh 10 nóiméad le ligan don DNA deascadh go hiomlán.	<ul style="list-style-type: none"> Ní mholtar goradh ag -20°C mar go bhféadfadh eisiontais comhdheascadh leis an DNA.
10. Cuir an feadán sa mhicrea-lártheifneoir i dtreoshuíomh aitheanta. Cuir sa lártheifneoir ag teocht an tseomra é ar feadh 2 nóiméad ag 15,000 × g.	<ul style="list-style-type: none"> Mar shampla, cuir gach feadán sa mhicrea-lártheifneoir, agus inse an chaipín dírithe amach ó lár an rótair. Tar éis lártheifneoiriú, is féidir suíomh an mhillíní a aimsiú (fiú má tá sé ró-bheag le feiceáil); beidh sé ag barr an fheadáin faoi bhun an inse.
11. Bain go cúramach an forleacht le bior pipéid agus faigh réidh leis. Bí cúramach gan an millín DNA a chorráil.	<ul style="list-style-type: none"> Tá DNA sa mhillín sin. Caillfear an DNA má chailltear an millín. Ach an feadán a rothlú sa chaoi is go mbeidh an millín ar an mballa uachtarach, beidh tú in ann bior pipéid a bhogadh go sábháilte ar feadh an bhalla íochtair agus an forleacht ar fad a bhaint. D'fhéadfadh eisiontais a bheith san fhorleacht agus ba cheart é a bhaint chomh hiomlán agus is féidir.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
12. Ionlach eatanóil: Cuir 250 µL d'eatanól 70% leis go cúramach. Lig dó seasamh ag teocht an tseomra ar feadh 1 nóiméad. Bain an t-eatanól go hiomlán gan an millín a chorraí.	<ul style="list-style-type: none"> Tá sé tábhachtach an t-eatanól ar fad a bhaint as an sampla. Tá sé tábhachtach an t-eatanól ar fad a bhaint as an sampla. Tar éis duit an t-eatanól 70% a bhaint, is féidir an feadán a rothlú go biogach le gur féidir an t-eatanól iarmharach a bhaint. Bí cúramach gan an millín DNA a chorraí; féadfaidh sé a bheith beag nó dofheicthe. Má scarann an millín, cuir an sampla sa lártheifneoir ar feadh 5 nóiméad ag 15,000 × g. Má dhéantar an millín a thriomú barraíocht is féidir go mbeidh sé níos deacra an DNA a thuaslagadh.
13. Cuir 100 µL de thuaslagán TE leis (féach leathanach 5) chun an millín DNA a thuaslagadh. Cuir sa mheascthoir cuilithe ar feadh 5 soicind ar a laghad.	<ul style="list-style-type: none"> Má theastaíonn tiúchan níos airde de DNA, úsáid 50 µL de TE.
14. Chun ath-hiodráitiú iomlán an DNA a chinntiú, gor ag teocht an tseomra thar oíche agus cuir sa mheascthoir cuilithe ina dhiaidh sin, nó gor ag 50°C ar feadh 1 uair an chloig agus cuir sa mheascthoir cuilithe ó am go chéile le linn an ama sin é.	<ul style="list-style-type: none"> I gcás méideanna móra de DNA ar ardmheáchan móilíneach, féadfaidh go dteastóidh níos mó ama chun ath-hiodráitiú (tuaslagadh) go hiomlán. Is cúis le míchruinneas é ath-hiodráitiú neamhiomlán a dhéanamh ar an DNA maidir le tiúchan DNA a mheas agus is féidir leis a bheith ina chúis le teip ar fheidhmeanna iarteachtacha, amhail PCR.
15. Roghanna maidir leis an DNA lán-ath-hiodráitithe a stóráil: a) In TE ag -20°C le haghaidh stóráil fhadtéarmach. Roinn ina slánchodanna más mian. b) In TE ag 4°C go ceann 2 mhí.	

prótocal saotharlainne prepIT•L2P chun DNA a íonú de láimh ón sampla iomlán

Nóta: Éilíonn an prótocal seo go n-úsáidfeair lártheifneoir (rótar ag uillinn sheasta nó rótar le buicéad luascach) atá in ann 3,500 × g ar a laghad a ghiniúint chun na torthaí is optamaí a fháil.

Déanann an prótocal céim ar chéim seo a leanas cur síos ar conas DNA a íonú ón sampla iomlán (sampla le toirt iomlán idir 1 ml-4 ml). Ba cheart na méideanna a thaispeántar a choigeartú don toirt iarbhair a bailíodh.

Imoibrithe san áireamh prepIT•L2P (Uimh.

Chat. PT-L2P-5 nó PT-L2P-45)

Trealamh agus imoibrithe

- Lártheifneoir a ghlacann le feadáin 15 ml agus atá in ann 3,500 × g ar a laghad a ghiniúint (féach Tábla 2)
- Feadáin cónúla polapróipiléine 15 ml (e.g., BD Falcon® Uimh.
- Chat. 352196)
- Micrea-lártheifneoir atá in ann feidhmiú ag 15,000 × g (roghnach)
- Micreafheadán 1.5 ml (e.g., Axygen® Uimh. Chat.
- MCT-150-C)
- Goradán aeir nó uisce ag 50°C
- Eatanól (95% go 100%) ag teocht an tseomra
- Eatanól (70%) ag teocht an tseomra

- Maolán stórála DNA:
- TE (10 mM Tris-HCl, EDTA 1 mM, pH 8.0) nó tuaslagán comhchosúil

Roghnach: Seiceáil réamhionúcháin (infheidhme i gcás samplaí Oragene amháin; ní bhaineann le samplaí ORACollect)

Meáigh an sampla chun meastachán a dhéanamh ar an méid seile a chuir an deontóir ar fáil (féach Tábla 1). Tá an méid seile a bhailítear comhréireach go díreach leis an méid DNA a bailíodh. Mar shampla, má chuireann deontóir níos lú ná 2 ml de sheile ar fáil, bí ag súil le táirgeacht iomlán níos ísle a bhailiú ón sampla sin.

Meáchan an trealaimh (gan sampla)

Nuair a shroicheann sampla an tsaotharlann, molaimid an sampla a mheá lena mheas ar chuir an deontóir an méid cuí seile ar fáil. Is féidir a bheith ag súil le réimse de mhéideanna ó dheontóirí. Cuirtear meánmheáchan de threalamh folamh ar fáil (Tábla 1). Chun méid an tsampla a bailíodh a mheas (ag glacadh leis gurb ionann 1 g agus 1 ml), déan an ríomh seo a leanas:

Meáchan an trealaimh ina bhfuil an sampla - Meáchan an trealaimh gan sampla

Méid an tsampla a bailíodh



Tábla 1	
# Táirge	Meáchan an trealaimh gan sampla
OG-500/OGD-500/OGR-500	6.81 g
OG-510/OGD-510	5.83 g
OG-575/OGD-575/OGR-575	5.66 g
ON-500	6.47 g
ON-600	6.86 g
OG-600/OGD-600/OGR-600	7.26 g
OG-610/OGD-610	6.28 g
OG-675/OGD-675/OGR-675	6.00 g



Nós Imeachta

Céimeanna íonaithe	Nótaí
1. Measc an sampla Oragene/ORACollect trína inbheartú nó trína chroitheadh go bog ar feadh cúpla soicind.	<ul style="list-style-type: none"> • Déantar é sin chun a chinntiú go ndéantar samplaí slaodacha a mheascadh i gceart.
2. Gor an sampla ag 50°C i goradán uisce ar feadh 1 uair an chloig ar a laghad nó i goradán aeir ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad.	<ul style="list-style-type: none"> • Tá an chéim cóireála teasa seo riachtanach chun an toradh DNA a uasmhéadú agus chun a chinntiú go ndíghníomhachtaítear núicléis go buan. • Féadfar an sampla a ghoradh ag 50°C thar oíche más áisiúla é. • Féadfar an chéim goir seo a dhéanamh tráth ar bith tar éis an sampla a bhailiú agus roimh é a ionú. • Teastaíonn níos mó ama i ngoradán aeir toisc go mbiann cothromú teochta níos moille ná mar a bhíonn i ngoradán uisce. <p>Nóta: Féadfaidh gur fearr goradán aeir a úsáid ó tharla gur féidir le feadán Oragene/ORACollect bheith ar snámh sa dabhach uisce. Más gá dabhach uisce a úsáid, cinntigh go bhfanann an chuid den fheadán ina bhfuil an sampla tumtha san uisce.</p>
3. Aistrigh an sampla iomlán chuig feadán lártheifneora 15 ml (Fíor 1). Tabhair faoi deara toirt an tsampla.	<ul style="list-style-type: none"> • Is féidir doirteadh a dhéanamh nó pipéad gloine nó plaisteach a úsáid chun aistriú a dhéanamh.



Fíor 1: Sula dtéann tú ar aghaidh go dtí céim 4, cinntigh go bhfuil an sampla ar fad gortha agus aistrithe chuig feadán lártheifneora úr 15 ml, mar a léirítear.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
<p>4. Cuir 1/25 den toirt de prepIT-L2P leis agus measc sa mheastchóir cuilithe ar feadh cúpla soicind (Fíor 2).</p>  <p><i>Fíor 2: Tar éis an PT-L2P a chur leis agus é a ghoradh ar oighear ar feadh 10 nóiméad, ní bheidh cuma ghlan ar an sampla a thuilleadh; beidh sé ina thuaslagán modartha.</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • E.g., le sampla 4 ml, cuir 160 µL de prepIT-L2P leis. • Éireoidh an sampla moirtiúil de réir mar a dhéantar eisiontais agus coscairí a dheascadh.
<p>5. Gor ar oighear ar feadh 10 nóiméad.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Is féidir goradh ag teocht an tseomra a dhéanamh ina ionad sin ach is lú an éifeacht, de bheagán, ó thaobh eisiontais a bhaint.
<p>6. Cuir sa lártheifneoir ag teocht an tseomra ar feadh 10 nóiméad ag an luas is airde is féidir. Íosmhéid 3,500 × g.</p>  <p><i>Fíor 3: Tar éis lártheifneoirí, beidh carn d'ábhar moirtiúil ag bun an fheadáin. Ba chóir go mbeidh an forleacht glan agus tú ag amharc air.</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Laghdaíonn fórsa lártheifeacha níos airde an méid ábhair mhoirtiúil a bheidh sa DNA íonaithe (Fíor 3). Roimh dhul ar aghaidh, ba cheart a fhíorú le monaróir an fheadáin gur féidir leis na feadáin lártheifneora 15 ml an fórsa lártheifeach a sheasamh. • D'fhéadfadh tréimhse lártheifneoirithe níos faide (suas le 20 nóiméad) a bheith tairbheach chun moirtiúlacht (ard A₃₂₀) an tuaslagáin DNA deiridh a laghdú.
<p>7. Aistrigh an forleacht glan go cúramach le pipéad chuig feadán lártheifneora 15 ml úr. Faigh réidh leis an millín.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Fág toirt bheag den fhorleacht ann ionas nach gcorrófar an millín. • Tá eisiontais moirtiúla sa mhillín. Má chorráitear de thaisme é, ba cheart an feadán a lártheifneoiríú arís.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
<p>8. Cuir 1.2x toirt d'eatánól atá idir 95% agus 100% agus ag teocht an tseomra leis an bhforleacht glan. Measc go réidh trí inbhéartú 10 n-uaire.</p>  <p><i>Fíor 4: Tar éis eatánól a chur leis, deascfaidh an DNA, agus féadfaidh go mbeidh téachtán de shnáithíní sofhéithe teacht mar thoradh air.</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Le linn é a mheascadh le heatánól, deascfar an DNA. • Féadfaidh an DNA a bheith le feiceáil mar théachtán de shnáithíní DNA (Fíor 4) nó mar dheascán mín, ag brath ar an méid DNA atá sa sampla.
<p>9. Lig don sampla seasamh ag teocht an tseomra ar feadh 10 nóiméad le ligeán don DNA deascadh go hiomlán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ní mholtar goradh ag -20°C mar go bhféadfadh eisiontais comhdheascadh leis an DNA.
<p>10. Cuir sa lártheifneoir ag teocht an tseomra é ar feadh 10 nóiméad ag an luas is airde is féidir. Íosmhéid 3,500 × g.</p>	
<p>11. Bain go cúramach an forleacht le pipéad gloine nó plaisteach agus faigh réidh leis. Bí cúramach gan an millín DNA a chorráil.</p>  <p><i>Fíor 5: Ach bior pipéid a úsáid chun scriobadh go réidh ar feadh an taobh istigh den fheadán, féadfaidh go nochtfar smearadh DNA ann.</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • D'fhéadfadh eisiontais a bheith san fhorleacht agus ba cheart iad a bhaint a oiread agus is féidir. • Beidh DNA deasctha le fáil mar mhillín ag bun an fheadáin agus b'fhéidir mar smearadh ar an taobh istigh den fheadáin (Fíor 5). • Féadfaidh an smearadh DNA a bheith ar an taobh sin den fheadáin atá amuigh ó lár an lártheifneora. • Is féidir smearadh a aimsiú leis an "scriobthástáil". Is féidir seiceáil le haghaidh smearadh DNA ach taobh istigh an fheadáin a scriobadh le bior pipéid. D'fhéadfadh smearadh, mar a thaispeántar i bhFíor 5, a bheith le feiceáil.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
<p>12. Ionlach eatánóil: Cuir go cúramach 1 ml d'eatánól 70% leis an bhfeadán gan an smearadh ná an millín a chorroí. Lig dó seasamh ag teocht an tseomra ar feadh 1 nóiméad. Corraigh thar go réidh agus bain an t-eatánól ar fad as gan an millín ná an smearadh a chorroí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tá sé tábhachtach an t-eatánól ar fad a bhaint as an sampla. D'fhéadfadh tuliompar eatánóil tionchar a imirt ar fheidhmíocht na measúnachta. • Bí cúramach gan an millín DNA a chorroí. • Is féidir lártheifneoiriú gearr (níos lú ná 1 nóiméad) a dhéanamh chun baint iomlán an fhorleachta a éascú. • Má scarann an millín tar éis céim an ionlaigh eatánóil, cuir an sampla sa lártheifneoir ar feadh 5 nóiméad ag an luas is airde is féidir. Iosmhéid $3,500 \times g$.
<p>13. I gcás samplaí Oragene, cuir 0.2 ml-1 ml de thuaslagán TE leis an sampla agus cuir sa mheascthóir cuilithe é ar feadh 30 soicind chun an DNA a ath-hiodráitiú.</p> <p>I gcás samplaí Oragene, cuir 0.2 ml de thuaslagán TE leis an sampla agus cuir sa mheascthóir cuilithe é ar feadh 30 soicind chun an DNA a ath-hiodráitiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Má theastaíonn tiúchan níos airde DNA, féadfar toirt an TE a laghdú. Ba cheart íosmhéid de 200 μL de thuaslagán TE a úsáid. • Má dhéantar ró-thriomú ar an millín (> 10 nóiméad) agus má úsáidtear níos lú ná 500 μL de thuaslagán TE, féadfaidh sé a bheith deacair an DNA a ath-hiodráitiú (tuaslagadh) agus d'fhéadfadh sé an toradh a laghdú nó cainníochtú a dhéanamh deacair. • Beidh DNA deasctha le fáil mar mhíllín ag bun an fheadáin agus b'fhéidir mar smearadh ar an taobh istigh den fheadáin. • Chun bailiú uasta DNA a chinntiú, ní mór an sampla a chur sa mheascthóir cuilithe tar éis tuaslagóir DNA (tuaslagán TE) a chur leis. Ach an meascthóir cuilithe a úsáid, cinnteofar go bhfaighfear an DNA smeartha ar thaobh an fheadáin (Fíor 6). • Ní scoiltfear an DNA mar thoradh ar é a chur sa mheascthóir cuilithe.



Fíor 6: Ach an sampla a chur sa mheascthóir cuilithe ar feadh 30 soicind, beidh tú in ann DNA atá smeartha ar thaobh an fheadáin a bhailiú. Beidh an DNA fós ar ard-mhéachan móilíneach.

Céimeanna íonaithe	Nótaí
<p>14. Chun ath-hiodráitiú iomlán an DNA a chinntiú, gor ag teocht an tseomra thar oíche agus cuir sa mheascthóir cuilithe ina dhiaidh sin cuir sa mheascthóir cuilithe, nó gor ag 50°C ar feadh 1 uair an chloig agus é a chur sa mheascthóir cuilithe ó am go chéile le linn an ama sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Is cúis le míchruinneas é ath-hiodráitiú neamhiomlán a dhéanamh ar an DNA maidir le tiúchan DNA a mheas agus is féidir leis a bheith ina chúis le teip ar fheidhmeanna iartheachtach, amhail PCR.
<p>15. Aistrigh an DNA ath-hiodráitithe go feadán micrea-lártheifneora 1.5 ml lena stóráil.</p>	
<p>Céim roghnach:</p> <ol style="list-style-type: none"> a) Cuir an DNA ath-hiodráitithe sa lártheifneoir ag teocht an tseomra ar feadh 15 nóiméad ag $15,000 \times g$. b) Aistrigh an forleacht chuig feadán micrea-lártheifneora 1.5 ml úr gan an millín a chorroí. 	<p>Tabhair faoi deara go bhfuil ábhar dothuaslagtha moirtiúil sa mhíllín.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Chun bailiú DNA a uasmhéadú, cinntigh go ndéantar an DNA a ath-hiodráitiú go hiomlán (céim 14) roimh an gcéim lártheifneoirithe seo a dhéanamh. • Cinntíonn an chéim lártheifneoirithe seo go mbaintear aon ábhar moirtiúil atá fágtha as an sampla DNA. • Ba chóir a bheith cúramach gan an millín a chorroí agus an forleacht glan á aistriú go feadán úr.
<p>16. Roghanna maidir leis an DNA lán-ath-hiodráitithe a stóráil:</p> <ol style="list-style-type: none"> a) In TE ag -20°C le haghaidh stóráil fhadtéarmach. Roinn ina slánchodanna más mian. b) In TE ag 4°C go ceann 2 mhí. 	<ul style="list-style-type: none"> • D'fhéadfadh reo DNA íonaithe in TE a bheith ina chúis leis an DNA deasctha. Agus DNA íonaithe roeite á leá, tabhair an-aird ar ath-hiodráitiú, mar a pléadh i gcéim 14.

Cainníochtú DNA

Leis an modh fluaraiseachta

Tá measúnachtaí a úsáideann ruaiméanna fluaraiseacha níos cruinne ná ionsúiteacht ag 260 nm chun an méid DNA déshnáithigh (dsDNA) i sampla DNA a chainníochtú. Molaimid trealamh atá ar fáil ar bhonn tráchtála a úsáid, mar shampla an Quant-iT™ PicoGreen™ dsDNA Assay Kit (Thermo Fisher Scientific) nó QuantiFluor™ dsDNA System (Promega). Seans go mbeidh gá le DNA a chaolú suas go dtí 1:50 le TE sula n-úsáidfeá é sa mheasúnacht chainníochtaithe.

Le modh ionsúiteachta

Má bheartaíonn tú DNA a chainníochtú trí ionsúiteacht, molaimid an sampla ionaithe a chóireáil le ribeantúicléáis ar dtús chun RNA éillitheach a dhiléá agus ansin na blúirí RNA a bhaint trí dheascadh eataínóil a dhéanamh leis an DNA. Déantar cur síos ar phrótacal mionsonraithe in PD-PR-040, *RNA a bhaint trí dhiléá dé-ribeantúicléáis*.¹ Tabhair faoi deara go mbíonn i bhfad níos mó RNA in DNA ó shampla béil ná mar a fhaightear i samplaí fola. Cinntigh go bhfuil DNA a deascadh le halcól tuaslagtha go hiomlán roimh an ionsúiteacht a léamh.

Fachtóir comhshó: Is ionann ionsúiteacht 1.0 ag 260 nm agus tiúchan 50 ng/μL (50 μg/mL) a bheith ann i gcás DNA íon déshnáitheach.

Cinntigh go bhfuil na luachanna ionsúiteachta laistigh de raon líneach an speictrefótaiméadair. Caolaigh agus déan tomhas arís ar shamplaí a thiteann lasmuigh den raon líneach. Féach ar cháipéisí d'ionstraimhe le haghaidh tuilleadh eolais.

Tagairtí

¹ RNA a bhaint trí dhiléá dé-ribeantúicléáis. PD-PR-040. DNA Genotek.

Modh

1. Caolaigh slánchuid 10 μL de DNA ionaithe a cóireáladh le ribeantúicléáis le 90 μL de TE (1/10 caolú). Measc trína ionsú i bpípéad agus a chur amach arís is arís go réidh. Fan leis na bolgáin imeacht as.
2. Úsáid TE sa chill thagartha (bán).
3. Tomhais ionsúiteacht ag 320 nm, 280 nm agus 260 nm.
4. Ríomh na luachanna coigeartaithe A_{280} agus A_{260} tríd an ionsúiteacht ag 320 nm (A_{320}) a dhealú ó na luachanna A_{280} agus A_{260} .
5. Tiúchan DNA in ng/μL = coigeartaithe $A_{260} \times 10$ (fachtóir caolaithe) $\times 50$ (fachtóir comhshó).
6. Cóimheas A_{260}/A_{280} : Roinn A_{260} coigeartaithe ar A_{280} coigeartaithe.

Sampla

1. Glac leis na ríomhanna seo, A_{320} tomhaiste = 0.025, A_{280} = 0.175 agus A_{260} = 0.295
2. Is é a bheidh i dtiúchan DNA an tsampla neamhchaolaithe ná:
 $(A_{260} - A_{320}) \times 10$ [fachtóir caolaithe] $\times 50$ [fachtóir tionaithe]
= $(0.295 - 0.025) \times 10 \times 50$
= $0.270 \times 10 \times 50$
= 135 ng/μL nó 135 μg/mL
3. Is é cóimheas coigeartaithe A_{260}/A_{280} ná:
 $(A_{260} - A_{320}) \div (A_{280} - A_{320})$
= $(0.295 - 0.025) \div (0.175 - 0.025)$
= $0.270 \div 0.150$
= 1.80

Níl Oragene•DNA agus ORAcollect•DNA ar díol sna Stáit Aontaithe.

Tá Oragene•DISCOVER le húsáid i dtaighde amháin, níl sé le húsáid i nósanna imeachta diagnóiseacha.












Féadfaidh nach mbeidh roinnt táirgí de chuid DNA Genotek ar fáil i ngach réigiún geografach.

Is trádmharcanna de chuid DNA Genotek Inc. iad Oragene, preplT, ORAcollect agus DNA Genotek.

Is leis na húinéirí faoi seach na brandaí agus na hainmneacha eile go léir atá anseo.

Tá gach prótacal de chuid DNA Genotek, páipéir bhána agus nótaí iarratais ar fáil sa chuid tacaíochta dár suíomh gréasáin ag www.dnagenotek.com.

Eochair lipéid:

	Gléas leighis le haghaidh diagnóisiú in vitro
	Uimhir chatalóige
	Comhartha CE
	Monaróir
	Féach an t-iatán pacáiste
	Ionadaí Údaraithe san Eoraip
	Ionadaí Údaraithe na hEilvéise
	Uimhir bhirt
	Sainaitheantóir Uathúil Feiste
	Cobhsaíocht le linn úsáide
	Treoracha stórála
15°C / 30°C	
59°F / 86°F	

Paitinn (www.dnagenotek.com/legalnotices)

PD-HB-37 (IE - Irish) Issue 1/2024-01

© 2024 DNA Genotek Inc., fochuideachta de chuid OraSure Technologies, Inc., gach ceart ar cosaint.

DNAGENOTEK™

www.dnagenotek.com